C/2024/6977

18.11.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11656 — ENSTALL / SCHLETTER)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6977)

1. An 8 Samhain 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Rhaegal Topco B.V. ('Enstall', an Ísiltír),

— Schletter International B.V. ('Schletter', an Ghearmáin).

Gheobhaidh Enstall rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Schletter ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Den chuid is mó, is forbróir agus soláthróir córas gléasta painéal gréine é Enstall, go príomha lena suiteáil ar dhíonta san Eoraip agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá,

— Den chuid is mó, déanann Schletter córais gléasta painéal gréine a mhonarú agus a sholáthar lena suiteáil ar dhíonta agus ar an talamh sa Eoraip.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11656 — ENSTALL / SCHLETTER

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').